

Cuntas Leithreasa 2018

Vóta 29

**Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide
agus Comhshaol**

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil i 2018, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2017, faoi na socrúithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Dlítear barrachas €19.015 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi na Beartais agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 7.

Ráiteas faoi na Beartais agus na Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, arna leagan amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 24 de 2018, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas:

Dímheas

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar córais saindeartha TF áirithe agus saintrealamh chun suirbhéireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige a dhímheas thar dheich mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana, cé go ndéantar an trealamh TF nó oifige eile ar fad a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

Sócmhainní caipitil

Ní áirítear mar shócmhainní de chuid na Roinne talamh agus foirgnimh a dhílsítear don Aire ach atá á rialú nó á mbainistiú ag comhlacht ón taobh amuigh. Tugtar sceideal den talamh seo agus de na foirgnimh seo in Aguisín A.

Ceangaltais i leith mórhionscadail chaipitil agus mórchláir deontas

Nochtar ar leithligh sonraí faoi gach mórhionscadal caipitil agus faoi gach clár deontas caipitil agus neamhchaipitil más mó ná €10 milliún luach an tionscadail nó an chláir.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithnínm an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi shíor-athbhreithniú.

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as oibriú na rialuithe taobh istigh de na hlonaid um Sheirbhísí Comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an Chomhaontaithe um Bainistiú Seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a chur ar fáil. Bíim ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte ó thaobh na rialuithe cuí a bheith i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht um rialú, lena mbaineann na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socrúithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta. Tá na gnéithe seo a leanas san áireamh:

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an ardbhainistíocht faoi athbhreithniú.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca atá ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- Treoirínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadal.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. I 2018, chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás cúig chonradh arbh fhiú €8,820,592 iad (gan CBL san áireamh). I gcás na gconarthaí sin, níor comhlíonadh rialacha soláthair mar gur síneadh iad thar an tréimhse a bhí ceadaithe faoi théarmaí na mbunchonarthaí.

- Síneadh ceithre chonradh (€3,570,592 gan CBL san áireamh), a bhaineann le sainseirbhísí comhairleacha le haghaidh an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, thar bhuntéarma an chonartha. Síneadh iad gan soláthar iomaíoch tar éis comhairle dlí a fháil agus coinníodh na téarmaí agus rátaí a bhí ann cheana féin agus a comhaontaíodh nuair a bronnadh na conarthaí den chéad uair i 2014. Ag féachaint do chastacht an phróisis soláthair don mórthionscadal bonneagair náisiúnta seo, bhí leanúnachas saineolais ríthábhachtach sa tréimhse go bronnadh an chonartha; chomh maith leis sin, d'fhágfadh an taithí a fuair na comhairleoirí a raibh an conradh acu cheana féin go mbeadh sé an-deacair ar aon pháirtí eile dul san iomaíocht leo ag an bpointe sin i bpróiseas soláthair an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.
- Síneadh comhaontú lamháltais amháin (€5,250,000 gan CBL san áireamh, a mbaineann €1,750,000 de le 2018), a bhaineann le bainistiú agus oibriú an Lárionaid Náisiúnta Taighde Dhigitigh, thar bhuntéarma an chonartha gan soláthar iomaíoch, chun leanúnachas seirbhísí a chinntiú go dtí go dtabharfaí próiseas soláthair foirmiúil chun críche.
Bronnadh trí chonradh eile gan próiseas tairisceana iomaíoch:
 - Bronnadh conradh amháin (€100,000 gan CBL san áireamh) le haghaidh seirbhísí breise ar chonraitheoir reatha le haghaidh seirbhísí dlí leanúnacha
 - Bronnadh conradh amháin (€100,000 gan CBL san áireamh) a bhain le saineolas teicniúil speisialtóra práinneach de bharr imní faoi shábháilteacht an phobail, agus
 - Bronnadh conradh amháin (€68,293 gan CBL san áireamh) le haghaidh trealamh TF atá íogair ó thaobh slándála de a sholáthar don Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála.

As an €9,088,885 (gan CBL san áireamh) a gealladh i leith na soláthairtí neamhiomaíocha a luadh roimhe seo, íocadh €1,939,356 (gan CBL san áireamh) i 2018 agus tugadh iarmhéid €7,149,529 (gan CBL san áireamh) ar aghaidh go dtí 2019.

Iniúcháireacht inmheánach agus coiste iniúcháireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oile go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne bonn eolais faoi obair na feidhme agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúcháireacht inmheánach, arna bhfaomhadh agamsa i gcomhar leis an gCoiste Iniúcháireachta, ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá mé sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Creat um riosca agus rialú

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Roinn. Sainaithníodh iad sin, rinneadh meastóireacht orthu agus grádaíodh iad de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uadátú ar an gclár faoi dhó sa bhliain, agus bíonn na rioscaí a bhaineann le heochairthionscadail faoi athbhreithniú leanúnach. Baintear úsáid as toradh na measúnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go sásúil.

Sonraíonn an clár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as rialuithe a oibriú ar bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis um rialú. Cuirtear easnaimh ar an rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, más ábhartha, go tráthúil. Deimhnímh gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhnímh go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Cuireann obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an ardbhainistíocht taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Fadhbanna i dtaca le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2018 ar gá iad a nochtheadh sa Chuntas Leithreasa.

Mark Griffin

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

19 Meán Fómhair 2019

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáiltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Tá sé nochtá ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2018.

Idirbhearta airgeadais a bhaineann le gás ceaptha teasa

Áirítear i gCaibidil 9 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2018 achoimre ar idirbhearta airgeadais a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann, Córas Trádála Astaíochtaí na hEorpa, spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide agus cánacha carbóin.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2019

Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol

Cuntas Leithreasa 2018

		2018	2017
	Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas ar na cláir			
A Cumarsáid			
<i>Soláthar na bliana reatha</i>	40,032		
<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,000		
	41,032	27,515	31,483
B Craoltóireacht	255,100	253,105	254,289
C Fuinneamh	161,052	153,297	111,402
D Acmhainní nádúrtha			
<i>Soláthar na bliana reatha</i>	26,469		
<i>Géilleadh iarchurtha</i>	200		
	26,669	20,794	24,785
E Iascaigh intíre			
<i>Soláthar na bliana reatha</i>	33,201		
<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,200		
	34,401	34,198	30,318
F Comhshaol agus bainistiú dramhaíola			
<i>Soláthar na bliana reatha</i>	65,084		
<i>Géilleadh iarchurtha</i>	3,600		
	68,684	63,456	50,639
Ollchaiteachas			
<i>Soláthar don bhliain reatha</i>	580,938		
<i>Géilleadh iarchurtha</i>	6,000		
	586,938	552,365	502,916
Asbhaint			
G Leithreasai i gcabhair	237,855	237,297	232,412
Glanchaiteachas			
<i>Soláthar na bliana reatha</i>	343,083		
<i>Géilleadh iarchurtha</i>	6,000		
	349,083	315,068	270,504

Barrachas

Ní mór an barrachas a sholáthraítear thar an tsuim a cuireadh i bhfeidhm a thabhairt ar ais don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid de leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Cuireadh ar aghaidh go dtí 2019 €15 mhilliún de leithdháiltí caipitiúla nár caitheadh i 2018.

	2018	2017
	€	€
Barrachas	34,014,630	32,259,657
Géilleadh iarchurtha	(15,000,000)	(6,000,000)
Barrachas le géilleadh	19,014,630	26,259,657

Mark Griffin

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

29 Márta 2019

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

	2018	2017
	€000	€000
Costas na gclár	521,188	475,795
Pá	23,503	20,510
Caiteachas eile	7,674	6,611
Ollchaiteachas	552,365	502,916
<i>Asbhaint</i>		
Leithreasai i gcabhair	237,297	232,412
Glanchaiteachas	315,068	270,504
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Ceannacháin – airgead tirim	(1,007)	
Dímheas	1,100	
	93	(417)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhabhruithe dúnta	(575)	
Laghdú ar stoc	73	
	(502)	(498)
Caiteachas díreach	314,659	269,589
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	15,558	15,584
Cíosanna barúlacha	1,530	1,466
Glanhostas na gclár	331,747	286,639

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i leith Vóta 29 atá curtha chun dochair áit eile.

	2018	2017
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	56	45
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir	11,500	10,791
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	3,907	4,648
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	38	41
Príomhchiste – Pinsin Airí	57	59
	15,558	15,584

Nóta 2 Ráiteas faoi Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

	Nóta	2018 €000	2017 €000
Sócmhainní caipitil	2.2	2,439	2,532
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	30,414	10,939
Stoic	2.4	261	334
Réamhíocaíochtaí		600	424
Ioncam fabhraithe		560	799
Iarmhéideanna eile dochair	2.5	122	356
Iomlán na sócmhainní reatha		31,957	12,852
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		575	1,213
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	4,824	4,005
Glanmhaoiniú Státciste dlite	2.7	25,712	7,290
Ioncam iarchurtha		101	101
Iomlán na ndlíteanas reatha		31,212	12,609
Glansócmhainní reatha		745	243
Glansócmhainní		3,184	2,775
Arna léiriú le:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.1	3,184	2,775

2.1 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2018 €000	2017 €000
Iarmhéid an 1 Eanáir		2,775	2,822
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar sna meastacháin	Cuntas	349,083	
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(15,000)	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(19,015)	
Vóta glan		315,068	270,504
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1	15,558	15,584
Caiteachas nach ndearnadh in airgead tirim – measchíos	1	1,530	1,466
Coigeartú – dímhéas stairiúil		—	(103)
Coigeartú – athráiteas faoi thalamh agus foirgnimh		—	(859)
Glanchoistas na gclár	1	(331,747)	(286,639)
Iarmhéid an 31 Nollaig		3,184	2,775

2.2 Sócmhainní caipitil

	Troscán oifige	Trealamh oifige agus TF	Saintrealam h agus mótarfheith iclí	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2018	1,286	21,617	5,695	28,598
Méideanna breise	71	453	483	1,007
Diúscairtí	(10)	(147)	(1)	(158)
Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2018	1,347	21,923	6,177	29,447
Dímheas carnach				
Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2018	1,238	20,408	4,420	26,066
Dímheas don bhliain	20	499	580	1,100
Dímheas ar dhiúscairtí	(10)	(147)	(1)	(158)
Dímheas carnach an 31 Nollaig 2018	1,248	20,760	4,999	27,008
Glansócmhainní an 31 Nollaig 2018	99	1,163	1,178	2,439
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2017	48	1,209	1,275	2,532

2.3 Banc agus airgead tirim

Léiríonn banc agus airgead tirim na hiarmhéideanna a coinníodh ag deireadh na bliana i gcuntas an Phámháistir Ghinearálta de chuid na Roinne.

2.4 Stoic

an 31 Nollaig	2018 €000	2017 €000
Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann	239	323
Stáiseanáireacht	22	11
	261	334

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

an 31 Nollaig	2018 €000	2017 €000
Óinchestí le haghaidh táillí acadúla	—	94
Tuarastail foirne ar iasacht	6	79
Aiscí	—	57
Fionraí eile	116	126
	122	356

2.6 Iarmhéideanna sochair eile

an 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Méideanna dlíte don Stát		
Cáin Shiarchoinneálach	536	481
Cáin Bhreisluacha	323	511
Fáltais Státhchiste sa bhreis (nóta 4.3)	1,257	—
Scéim pinsin ranníocach	2	—
ÍMAT/ÁSPC	563	752
	2,681	1,744
Fionraí (seirbhís freagartha glaonna éigeandála/asbhaint phárolla)		
Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála	1,464	—
Párolla	56	—
Eile	623	—
	2,143	2,261
	4,824	4,005

2.7 Maoiniú glan ón Státhchiste atá dlíte

an 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	19,015	26,260
Géilleadh iarchurtha	15,000	6,000
Deontas ón Státhchiste nár tarraingíodh anuas	(8,303)	(24,970)
Glanmhaoiniú Státhchiste dlíte	25,712	7,290
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	30,414	10,939
Iarmhéideanna dochair: fionraí	122	356
	30,536	11,295
Creidiúnaithe		
Dlíte don Stát	(2,681)	(1,744)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(2,143)	(2,261)
	(4,824)	(4,005)
	25,712	7,290

2.8 Ceangaltais**(a) Ceangaltais dhomhanda**

an 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	984	1,413
Cláir deontas agus cláir chaipitil	102,193	71,019
Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí	103,177	72,432

(b) Mórcheangaltais

(Tionscadail a bhfuil costas €10,000,000 nó níos mó orthu)

Clár / tionscadal	Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2017 €000	Caiteachas i 2018 €000	Ceangaltais tionscadail ag deireadh 2018 €000	Caiteachas iomlán tuartha shaolré an tionscadail 2018 €000	Caiteachas iomlán tuartha shaolré an tionscadail 2017 €000
Cumarsáid					
An Plean Náisiúnta Leathanbhanda – seirbhísí comhairleacha	16,471	8,331	6,888	31,690	17,099
Postchóid	23,234	1,867	5,880	30,981	27,659
An Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh	44,689	3,500	3,500	51,689	46,569
Fuinneamh					
An Clár Náisiúnta Iarfheistithe Fuinnimh	450,820	71,347	27,042	549,209	473,545
Feithiclí leictreacha	12,515	7,680	3,552	23,747	13,559
Éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí	5,749	13,049	124	18,922	5,749
Cláir um thaighde ar fhuinneamh					
Fuinneamh ón aigéan	29,571	4,392	2,735	36,698	32,883
Taighde, forbairt agus taispeántais um fhuinneamh in-athnuaite	7,180	2,900	6,690	16,770	8,099
Acmhainní nádúrtha					
Tionscnaimh gheo- eolaíochta	14,325	1,798	5,880	22,003	18,435
Gradaim thaighde gheo- eolaíochta	11,845	1,572	3,813	17,230	16,049
INFOMAR ^a	43,059	4,184	14,300	61,543	53,091
Tellus ^b	13,625	2,399	7,451	23,475	22,575
	673,083	123,019	87,855	883,957	735,312

Nóta ^a Is clár suirbhéireachta náisiúnta é INFOMAR a mhapálann grinneall farraige na hÉireann agus a chuireann príomhshonraí bonnlíne ar fáil d'earnáil mara na hÉireann.

^b Is clár suirbhéireachta náisiúnta é Tellus. Sa chlár seo bailítear sonraí geoifisiceacha agus geoiceimiceacha ar fud na hÉireann trí shuirbhéireacht gheoifisiceach san aer agus úsáid á baint as aerárthach a bhíonn ag eitilt go híseal agus trí shuirbhéireacht thalamhbhunaithe ar ithir, ar uisce srutha agus ar dhríodar srutha.

Athruithe suntasacha

Tugtar míniú thíos i ndáil le haon mhórcheangaltas a bhfuil an méid iomlán atáthar ag súil le caitheamh air athraithe de €500,000 nó níos mó.

Clár / tionscadal	Méid an mhéadaithe / laghdaithe €000	Míniú
Cumarsáid		
An Plean Náisiúnta Leathanbhanda – seirbhísí comhairleacha	14,591	Caiteachas breise agus ceangaltais bhreise de €14.591 milliún ar an méid iomlán atáthar ag súil le caitheamh ar sheirbhísí comhairleacha, toisc gur cuireadh síneadh le próiseas soláthair an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, is cúis leis an méadú
Postchóid	3,322	Léiríonn an méadú €3.322 milliún ceangaltais mhéadaithe agus caiteachas méadaithe i ndáil le tionscadal na n-éirchód.
An Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh	5,120	Léiríonn an méadú caiteachas breise agus ceangaltais bhreise de bharr shíneadh an chomhaontaithe lamhálaís go deireadh 2019
Fuinneamh		
An Clár Náisiúnta Iarfeistithe Fuinnimh	75,664	Léiríonn an méadú an fás ar an éileamh ar dheontais faoin gClár um Fhuinneamh Níos Fearr
Feithiclí leictreacha	10,188	Caiteachas breise agus ceangaltais bhreise i dtaca le deontais le haghaidh feithiclí leictreacha is cúis leis an méadú
Éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí	13,173	Cuireadh tús leis an tionscadal nua seo i 2017 tar éis fhoilsiú Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí, agus tacaíonn sé le comhlachtaí san earnáil phoiblí éifeachtúlacht fuinnimh 33% a bhaint amach.
Fuinneamh ón aigéan	3,815	Tacaíocht airgid mhéadaithe le haghaidh roinnt tionscadail taighde is cúis leis an méadú
Taighde, forbairt agus taispeántais um fhuinneamh in-athnuaite	8,671	Tugadh isteach socruithe ilbhliantúla le haghaidh tionscadail taighde agus is é sin is cúis leis an méadú
Acmhainní nádúrtha		
Tionscnaimh gheo-eolaíochta	3,568	Caiteachas breise agus ceangaltais bhreise i dtaca le tionscnaimh gheo-eolaíochta is cúis leis an méadú
Gradaim thaighde gheo-eolaíochta	1,181	Ceangaltais bhreise faoi Scéim Comhaltachtaí Uí Ghríofa is cúis leis an méadú
INFOMAR	8,452	Léiríonn an méadú na costais agus na ceangaltais a bhaineann le clár suirbhéireachta INFOMAR
Tellus	900	Léiríonn an méadú ceangaltais mhéadaithe i dtaca leis an gcéad chéim eile (Suirbhéireacht Talún) de chlár mapála Tellus.

2.9 Feabhsúchán talún

Suíomh Mhianach Abhóca

Ceapadh foireann ildisciplíneach i mí na Nollag 2013 ar feadh trí bliana chun sainseirbhísí deartha, soláthair agus bainistithe tionscadail a sholáthar chun tionscadal a théann i ngleic leis na hoibreacha tosaíochta sláinte poiblí agus sábháilteachta a mhaoirsiú. I 2016, tugadh faoi chlaibíní a chur ar chairm charta, agus iad a athghrádú, i dTeach gCróinín Thiar, chomh maith le claibíní a chur ar shloic eile agus iad a dhéanamh sábháilte ag láithreacha eile. I gcaitheamh 2017, críochnaíodh an chuid eile d'obair chaipitil na chéad chéime, cuireadh bearta sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm ar fud an tsuímh agus críochnaíodh an líonra draenála ar fud an limistéir ina bhfuil na claibíní. Caitheadh €0.25 milliún i 2018, rud a thugann costas iomlán an tionscadail go €3.78 milliún. Tá sé beartaithe anois tógáil ar an mbunstaidéar féidearthachta agus plean tionscadail feabhsúcháin fíoriomlán a fhorbairt don suíomh i gcaitheamh 2019.

Béal Átha Gabhann

Cuireadh €0.4 milliún ar fáil i 2018 maidir le talamh a cheannach agus déileáil le teagmhais a d'fhéadfadh bheith tagtha chun cinn de thoradh na monatóireachta timpeallachta atá á déanamh go leanúnach agus atá ceaptha chun aon athruithe ag suíomh Bhéal Átha Gabhann a bhrath. Níor tabhaíodh aon chaiteachas i 2018 agus tá méid airgid atá mar a chéile a bheag nó a mhór curtha ar fáil le haghaidh 2019. Cuirfear maoiniú ar fáil amach anseo chun aon chostais bhreise a d'fhéadfadh teacht chun cinn a chlúdach.

Monatóireacht Chomhshaoil in Abhóca agus i mBéal Átha Gabhann

€0.16 milliún an costas a bhí ar shainmhonatóireacht riachtanach i 2018 (2017: €1 milliún). Comhair 2019 agus 2020 maidir le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar shuíomhanna Abhóca agus Bhéal Átha Gabhann. Tá an mhonatóireacht seo á déanamh lena chinntiú nach dtiocfaidh aon athrú suntasach ar dhálaí ag ceachtar den dá shuíomh gan é a bheith braite.

2.10 Cibearshlándáil

Tá an Roinn freagrach as beartas cibearshlándála in Éirinn agus as comhordú a dhéanamh ar phráinnfhreagairt an Rialtais ar aon eachtraí cibearshlándála ar leibhéal náisiúnta. Comhlíonann an Roinn na freagrachtaí seo tríd an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. Tuairiscítear caiteachas a bhaineann le cibearshlándáil faoin gClár Cumarsáide.

	2018	2017
	€000	€000
Cibearshlándáil	2,072	2,107

2.11 Dlíteanais theagmhasacha

D'fhéadfadh dlíteanais airgeadais bheith ann i 2019 agus sna blianta ina dhiaidh sin, ag brath ar thorthaí caingne dlí de chuid AE nó eile atá ar siúl, ar feitheamh nó a d'fhéadfadh teacht. Ní féidir na méideanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

		2018		2017
		Soláthar sna meastach áin €000	Toradh €000	Toradh €000
i	Tuarastal, pá agus liúntais	25,755	23,503	20,510
ii	Taisteal agus cothabháil	942	979	841
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	1,389	1,221	952
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	600	370	431
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	3,244	2,640	2,297
vi	Costais foirgneamh oifige	963	830	763
vii	Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas	1,801	1,417	1,083
viii	Trealamh, stór agus cothabháil	296	217	244
		34,990	31,177	27,121

Athruithe suntasacha

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin trasna na gclár chun costas iomlán na gclár a chur i láthair. Tugtar breac-chuntas thíos ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar sna meastacháin: €600,000, toradh: €370,000

Sábháladh €230,000 le hais an tsoláthair sna meastacháin, rud a léiríonn iarrachtaí leanúnacha na Roinne chun costais riaracháin a laghdú.

Clár A Cumarsáid

		2018		2017
		Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	6,668	6,085	4,471
A.2	Riarachán – neamhphá	1,588	1,340	1,141
A.3	Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide	19,040	11,182	15,024
A.4	Forbairtí ilmheán	4,522	4,521	5,604
A.5	Sochaí faisnéise			
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	7,714		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,000		
		8,714	4,387	5,243
A.6	Caipiteal eile (teagmhas caipitil san áireamh)	500	—	—
		41,032	27,515	31,483

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár A €13.517 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €831,000 de sin le caiteachas riaracháin agus ba iad seo a leanas na cúiseanna ba mhó leis an gcuid eile den athrú, i.e. €12.686 milliún.

A.3 Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide

Soláthar sna meastacháin: €19.04 milliún, toradh: €11.182 milliún

Moill ar chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, de bharr síneadh a bheith curtha le fad an phróisis soláthair chasta i dtaca leis an tionscadal idirghabhála seo de chuid an Stáit, ba mhó ba chúis leis an tsábháil €7.858 milliún le hais an tsoláthair sna meastacháin.

A.5 Sochaí faisnéise

Soláthar sna meastacháin: €8.714 milliún, toradh: €4.387 milliún

Caiteachas ní ba lú ná mar a bhíodhas ag súil leis maidir le Scéim na nDearbhán um Thrádáil ar Líne, scéim a bhraitheann ar éileamh (€2.05 milliún), agus an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (€1.46 milliún), ba mhó ba chúis leis an tsábháil €4.327 milliún le hais an tsoláthair sna meastacháin.

A.6 Caipiteal eile

Soláthar sna meastacháin: €500,000, toradh: Náid

Sábháladh €500,000 le hais an tsoláthair sna meastacháin toisc nach raibh na cistí teagmhais caipitil ag teastáil i 2018.

Clár B Craoltóireacht

		2018		2017
		Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	1,138	1,038	902
B.2	Riarachán – neamhphá	287	243	381
B.3	Deontas do Raidió Teilifís Éireann i leith táillí ceadúnais craolacháin	190,724	188,567	184,801
B.4	Íocaíocht leis An Post chun táillí ceadúnais craolacháin a bhailiú	12,457	11,969	11,916
B.5	Deontas i leith Theilifís na Gaeilge	35,790	36,775	34,240
B.6	An Ciste Craolacháin	14,704	14,513	14,073
B.7	Speictream RTÉ	—	—	7,976
		255,100	253,105	254,289

Clár C Fuinneamh

		2018		2017
		Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá	4,765	4,348	4,594
C.2	Riarachán – neamhphá	1,718	1,435	1,336
C.3	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta	10,870	11,017	8,579
C.4	Cláir fuinnimh inbhuanaithe	134,068	127,778	90,118
C.5	Cláir um thaighde ar fhuinneamh	9,300	8,433	6,505
C.6	Seirbhísí gáis	41	39	23
C.7	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta	290	247	247
		161,052	153,297	111,402

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár C €7.755 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €700,000 de sin le caiteachas riaracháin agus ba iad seo a leanas na cúiseanna ba mhó leis an gcuid eile den athrú, i.e. €7.055 milliún.

C.4 Cláir fuinnimh inbhuanaithe

Soláthar sna meastacháin: €134.068 milliún, toradh: €127.778 milliún

Baineann an tsábháil €6.29 milliún le hais an tsoláthair sna meastacháin go príomha le moill a bheith ar sheoladh an dara céim den Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite.

C.5 Cláir um thaighde ar fhuinneamh

Soláthar sna meastacháin: €9.3 milliún, toradh: €8.433 milliún

Gníomhaíocht laghdaithe ar an gClár um Fhuinneamh Aigéin de bharr athbhreithniú breithiúnach ar shuíomh leaba thástála na Gaillimhe ba chúis leis an tsábháil €867,000 le hais an tsoláthair sna meastacháin.

Clár D Acmhainní Nádúrtha

		2018		2017
		Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá	6,225	5,681	5,784
D.2	Riarachán – neamhphá	3,300	2,657	2,199
D.3	Seirbhísí peitiriliam			
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	504		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	200		
		704	342	405
D.4	Seirbhísí mianadóireachta	3,750	915	1,488
D.5	Seirbhísí SGÉ	12,555	11,081	14,789
D.6	Síntiúis le heagraíochtaí idimáisiúnta	135	118	120
		26,669	20,794	24,785

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár D €5.875 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €1.187 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus ba iad seo a leanas na cúiseanna ba mhó leis an gcuid eile den athrú, i.e. €4.688 milliún.

D.3 Seirbhísí peitiriliam

Soláthar sna meastacháin: €704,000, toradh: €342,000

Sábháladh €362,000 le hais an tsoláthair sna meastacháin agus seo iad na cúiseanna: (1) bhí na ranníocaíochtaí le Ciste an Chláir Bonneagair Peitiriliam, clár atá neodrach ó thaobh vóta de, níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis toisc gur tháinig laghdú ar líon na gceadúnas teorann atá againn agus (2) bhí moill ar an bpróiseas soláthair i dtaca le cartlanna peitiriliam a dhigitiú.

D.4 Seirbhísí mianadóireachta

Soláthar sna meastacháin: €3.75 milliún, toradh: €915,000

Baineann an tsábháil €2.835 milliún le hais an tsoláthair sna meastacháin le (1) íocaíochtaí cúitimh níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis a bheith déanta le húinéirí talún príobháidí toisc nár eastósc cuideachtaí mianadóireachta a oiread agus a bhíodhas ag súil leis, agus moill dlí ar chásanna cúitimh a shocrú, (2) moill i ndáil le hoibreacha feabhsúcháin ag Abhóca agus (3) moill ar shuíomh a fháil mar chuid d'athshlánú Bhéal Átha Gabhann.

D.5 Seirbhísí SGÉ

Soláthar sna meastacháin: €12.555 milliún, toradh: €11.081 milliún

Moill ar thús Chlár Suirbhéireachta ón Aer Tellus ba chúis leis an tsábháil €1.474 milliún le hais an tsoláthair sna meastacháin.

Clár E Iascaigh Intíre

		2018		2017
		Soláthar sna meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
E.1	Riarachán – pá		814	743
E.2	Riarachán - neamhphá		500	405
E.3	Iascaigh intíre			
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	31,887		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,200		
			33,087	33,050
			34,401	34,198
				29,243
				30,318

Clár F Comhshaoil agus Bainistiú Dramhaíola

		2018		2017
		Soláthar sna meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
F.1	Riarachán – pá		6,145	5,608
F.2	Riarachán – neamhphá		1,842	1,594
F.3	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil			
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	34,800		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	2,600		
			37,400	35,303
				32,002
F.4	An Ciste Carbóin		800	599
F.5	Ceangaltais athraithe aeráide idirnáisiúnta		2,500	4,500
F.6	Feabhsúchán líonta talún		11,000	10,250
F.7	Tionscnaimh aeráide			
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	2,850		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,000		
			3,850	1,208
				613
F.8	Síntiúis le heagraíocht idirnáisiúnta		3,000	2,971
F.9	Comhphlé náisiúnta		—	—
F.10	Feachtas dramhaíola		1,600	1,423
F.11	Seirbhísí eile		547	—
			68,684	63,456
				50,639

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár F €5.228 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €785,000 de sin le caiteachas riaracháin agus ba iad seo a leanas na cúiseanna ba mhó leis an gcuid eile den athrú, i.e. €4.443 milliún.

F.3 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Soláthar sna meastacháin: €37.4 milliún, toradh: €35.303 milliún

An t-am ar iarradh an tarraingt anuas deiridh ba chúis leis an tsábháil €2.097 milliún le hais an tsoláthair sna meastacháin.

F.4 An Ciste Carbóin

Soláthar sna meastacháin: €800,000, toradh: €599,000

An ranníocaíocht a bhí ag teastáil faoin gCiste Bithcharbóin a bheith níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis ba chúis leis an tsábháil €201,000 le hais an tsoláthair sna meastacháin.

F.5 Ceangaltais athraithe aeráide idimáisiúnta

Soláthar sna meastacháin: €2.5 milliún, toradh: €4.5 milliún

Ranníocaíochtaí níos mó i leith coinbhinsiúin de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaineann leis an athrú aeráide ba chúis leis an méadú €2 mhilliún ar chaiteachas le hais an tsoláthair sna meastacháin.

F.6 Feabhsúchán líonta talún

Soláthar sna meastacháin: €11 milliún, toradh: €10.25 milliún

Moill ar an dul chun cinn ar líon beag tionscadal feabhsúcháin ba chúis leis an tsábháil €750,000 le hais an tsoláthair sna meastacháin.

F.7 Tionscnaimh aeráide

Soláthar sna meastacháin: €3.85 milliún, toradh: €1.208 milliún

Sábháladh €2.642 milliún le hais an tsoláthair sna meastacháin agus seo iad na cúiseanna: (1) bhí moill ar shocruithe conartha a thabhairt chun críche le heagraíochtaí taighde seachtracha faoin nGrúpa um Thaighde agus Samhaltú Teicniúil agus (2) bhí na costais a bhain leis na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis.

F.10 Feachtas dramhaíola

Soláthar sna meastacháin: €1.6 milliún, toradh: €1.423 milliún

Fuarthas sonraisc go déanach agus sin ba chúis leis an tsábháil €177,000 le hais an tsoláthair sna meastacháin.

F.11 Seirbhísí eile

Soláthar sna meastacháin: €547,000, toradh: €Náid

Sábháladh €547,000 le hais an tsoláthair sna meastacháin toisc nach raibh na cistí teagmhais ag teastáil i 2018.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasá i gcabhair

		2018		2017
		Soláthar sna meastacháin	Réadait he	Réadait he
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó fhíneálacha de bharr coireanna iascaigh intíre	50	13	10
2	Fáltais faoin Acht Forbairte Minearál, 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile, 1960	8,795	10,630	11,333
3	An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam	437	332	349
4	Táillí ceadúnais craolacháin	222,130	219,295	215,035
5	Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann	300	704	293
6	Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist	223	204	215
7	Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2)	1,070	1,190	1,153
8	Ranníocaíocht phinsin ó ghníomhaireachtaí	732	832	368
9	Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí	4,118	4,097	3,656
Iomlán		237,855	237,297	232,412

Athruithe suntasacha

Ar an iomlán, bhí leithreasá i gcabhair €558,000 níos lú ná an meastachán.

Tá na difríochtaí suntasacha mínithe thíos.

2 Fáltais faoin Acht Forbairte Minearál, 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile, 1960

Soláthar sna meastacháin: €8.795 milliún, toradh: €10.63 milliún

Cuideachtaí mianadóireachta a bheith ag eastóscadh níos mó mianraí de chuid an Stáit, rud a d'fhág go raibh ríchíosanna níos airde ná mar a ceapadh roimh ré á n-íoc leis an Roinn, ba chúis leis an méadú €1.835 milliún.

3 An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam

Soláthar sna meastacháin: €437,000, toradh: €332,000

Ranníocaíochtaí níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis ó shealbhóirí ceadúnas taiscéalaíochta imeallchríche ba chúis leis an easnamh €105,000.

5 Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann

Soláthar sna meastacháin: €300,000, toradh: €704,000

Faomhadh agus fuarthas ioncam deontais faoi roinnt tionscadail nua arna maoiniú ag an AE agus ba é sin ba chúis leis an méadú €404,000.

7 Ilghnéitheach

Soláthar sna meastacháin: €1.07 milliún, toradh: €1.19 milliún

Fuarthas costais níos airde ná mar a ceapadh roimh ré ar ais ó chomhlachtaí eile agus ba é sin ba chúis leis an méadú €120,000.

8 Ranníocaíochtaí pinsin ó ghníomhaireachtaí

Soláthar sna meastacháin: €732,000, toradh: €832,000

Bhí moill ar ranníocaíochtaí 2017 a fháil ó ghníomhaireachtaí agus ba é sin ba chúis leis an méadú €100,000.

4.2 Fáltais ilghnéitheacha

	2018	2017
	€000	€000
Costais a fuarthas ar ais ó chomhlachtaí eile	234	100
Dleachtanna maidir le líonraí cathrach	877	878
Eile	79	175
Iomlán	1,190	1,153

4.3 Fáltais sa bhreis iníoctha leis an Státchiste

	2018	2017
	€000	€000
Iarmhéid an 1 Eanáir	—	100
Fáltais ón scéim i ndáil le trádáil astaíochtaí ^a	140,813	52,298
Ducht teileachumarsáide na Gaillimhe – Mhaigh Eo	96	114
Ciste Carbóin an AE	98	—
Géilleadh deonach tuarastal Airí	16	—
Aistrithe go dtí an Státchiste	(141,023)	(52,512)
Iarmhéid an 31 Nollaig	—	—

Nóta ^a B'ionann agus €142.07 milliún ollsciar na hÉireann d'fháltais a d'eascair as liúntais a chur ar ceant i Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí i 2018. Asbhaintear €1.26 milliún le haghaidh chostais riaracháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, rud a fhágann fáiltas glan €140.81 milliún le tabhairt ar ais don Státchiste.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéis lánaimseartha)

Líon na mball foirne ag deireadh na bliana	2018	2017
Roinn	395	374
Gníomhaireachtaí	1,098	1,045
	1,493	1,419

Nóta ^a Is iad an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Iascach Intíre Éireann, Gníomhaireacht na Lochanna agus an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na gníomhaireachtaí atá san áireamh anseo. Is leis na gníomhaireachtaí céanna a bhaineann na sonraí pá thíos i leith gníomhaireachtaí.

5.2 Pá

Luach saothair na foirne go léir (an Roinn agus gníomhaireachtaí)	2018	2017
	€000	€000
Pá	67,535	61,967
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	239	276
Liúntais eile	1,464	1,389
Ragobair	53	53
ÁSPC an fhostóra	6,047	5,533
Pá iomlán	75,338	69,218

Nóta Tagraíonn na socruithe um luach saothair do ghné an phá d'fho-cheannuideil A.1, A.4, B.1, C.1, C.3, D.1, E.1, E.3, F.1 agus F.3. Tá suimeanna airgid neamhvótáilte san áireamh sna figiúirí seo agus rinneadh amhlaidh d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Ciorclán 17/2013).

5.3 Foireann na Roinne

	2018	2017
	€000	€000
Pá	21,670	18,997
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	58	57
Liúntais eile	106	63
Ragobair	30	30
ÁSPC an fhostóra	1,639	1,363
Pá iomlán	23,503	20,510

Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon daoine a fuair	Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht is mó le duine amháin	
			2018	2017
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	21	1	17,124	16,597
Liúntais eile	12	2	19,424	20,614
Ragobair	30	—	3,076	8,091
Íocaíocht sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin	4	—	7,677	10,913

5.4 Foireann na ngníomhaireachtaí

	2018 €000	2017 €000
Pá	45,865	42,970
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	181	219
Liúntais eile	1,358	1,326
Ragobair	23	23
ÁSPC an fhostóra	4,408	4,170
Pá iomlán	51,835	48,708

Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon daoine a fuair	Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht is mó le duine amháin	
			2018	2017
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	38	—	9,120	10,971
Liúntais eile	328	1	11,500	10,000
Ragobair	17	—	3,000	4,000
Íocaíocht sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin	47	1	11,000	9,589

5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Athfhostaíodh triúr oibrithe eanála poiblí a raibh pinsin eanála poiblí á bhfáil acu ar bhonn conartha ar chostas iomlán €93,338. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le forálacha an Achte um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Cuimsíonn an cuntas seo caiteachas €545,779 i leith naonúr oifigeach a bhí ag obair taobh amuigh den Roinn ar feadh 2018 go léir nó ar feadh cuid den bhliain agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €120,744 (38 duine) (2017: €103,990, 29 duine). As sin, tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm le haghaidh €86,557 (17 nduine) (2017: €69,386, 12 dhuine).

5.7 Scaoilíocaíocht/iomarcaíocht

I gcaitheamh 2018, rinneadh íocaíochtaí iomarcaíochta arbh fhiú €10,308 san iomlán iad agus scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €49,309 san iomlán iad le ceathrar ball foirne de chuid an Aire ar foirceannadh a gcuid fostaíochta.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Cúiteamh agus costais dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí íoctha ag an Roinn €000	Cúiteamh bronnta €000	Costais dlí bronnta €000	2018 Iomlán €000	2017 Iomlán €000
Éilimh déanta ag:						
Eagraíochtaí / daoine aonair seachtracha	1	—	—	155	155	—

6.2 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh a thaispeántar sna fo-cheannteidil thíos íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a chomh-mhaoiníonn an AE. Mar seo a leanas a bhí na meastacháin ar chaiteachas agus an fíorchaiteachas:

	2018		2017
	Meastachán €000	Toradh €000	Toradh €000
C.4 Cláir fuinnimh inbhuanaithe	134,068	127,778	90,118
D.4 Seirbhísí mianadóireachta	—	—	1,488
D.5 Seirbhísí SGÉ	12,555	11,081	14,789
E.3 Iascaigh intíre	—	—	29,243
Iomlán	146,623	138,859	135,638

Fuarthas maoiniú AE €795,979 i 2018 mar leithreasáil-gcabhair i leith gníomhaíochtaí a mhaoinítear trí fho-cheannteidil C.4 agus D.5, ar taifeadadh €460,361 de mar leithreasáil-gcabhair agus cuireadh €335,618 de mar fionraí creidmheasa. Fuarthas an t-ioncam i gcinnteidil leithreasáil-gcabhair G.5 Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (€368,107) agus G.7 Fáltais Ilghnéitheacha (€92,254).

Nóta 7 Cuntais Ilghnéitheacha

7.1 Ciste an Chláir Bonneagair Peitiriliam

Ráiteas ar fháltais agus ar íocaíochtaí Chiste an Chláir Bonneagair Peitiriliam don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018.

	2018	2017
	€000	€000
Iarmhéid an 1 Eanáir	6,211	6,358
Fáltais	335	482
Íocaíochtaí	(628)	(629)
Iarmhéid an 31 Nollaig	5,918	6,211

Bunaíodh an Clár Bonneagair Peitiriliam (CBP) in 1997 agus tá sé maoinithe ag cuideachtaí ola a bhfuil ceadúnas le haghaidh taiscéalaíocht amach ón gcósta acu a d'eisigh an Rannóg Gnóthaí Peitiriliam. Tá sé mar aidhm aige taiscéalaíocht agus gníomhaíochtaí forbartha hidreacarbóin a chur chun cinn trí struchtúir tacaíochta áitiúla a láidriú, maoiniú ar bhailiú sonraí taighde agus taighde 'bunaithe ar an talamh' i limistéir amach ó chósta na hÉireann. Taifeadtar fáltais maidir leis an gCiste CBP mar leithreasáil i gcabhair agus íoctar isteach sa chiste iad trí mheán fho-cheannteideal D.3.

Déanann Rannóg Gnóthaí Peitiriliam na Roinne riar ar an gCiste.

7.2 An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ráiteas ar fháltais agus ar íocaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018.

	2018	2017
	€000	€000
Iarmhéid an 1 Eanáir	31,810	31,810
Fáltais	—	—
Infheistíochtaí	(10,842)	—
Iarmhéid an 31 Nollaig	20,968	31,810

Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh i 2014 faoi fhorálacha i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (an Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014 (IR 131 de 2014). Is iad na cuspóirí a bhaineann leis an gCiste (i) tacú le seachadadh clár feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus beart eile éifeachtúlachta fuinnimh, agus (ii) forbairt margaidh do bhearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn. Chuir an Rialtas €35 milliún ar fáil ó Chiste an Tobhaigh ó Ioncam Carbóin don Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh. Infheistítear an maoiniú i gciste infheisteora cháilithigh arna údarú agus arna rialú ag Banc Ceannais na hÉireann. Tá maoiniú ann ón earnáil phríobháideach arb ionann é agus maoiniú an Stáit. Tá ionadaíocht ag an Aire, mar aon le hinfeisteoirí eile, ar choiste comhairleach infheistíochta agus faigheann gach scairshealbhóir tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha ar fheidhmíocht an chiste infheisteora cháilithigh.

Is ionann na costais go léir a bhain le hinfeistiú agus le bunú a sheas an Stát go dtí an 31 Nollaig 2018 agus €14.03 milliún, rud a fhágann iarmhéid €20.97 milliún sa Chiste ar an dáta sin. An 31 Nollaig 2018, €11.81 milliún an luach a bhí ar infheistíocht an Stáit sa chiste infheisteora cháilithigh (2017: €1.45 milliún).

Aguisín A Sceideal talún agus foirgneamh

Is leis an Aire na hionaid réadmhaoine seo a leanas de chuid Ard-Oifig an Phoist:

- 1 Foirgneamh Ard-Oifig an Phoist
- 2 Stua Siopadóireachta Ard-Oifig an Phoist
- 3 1-6 Foirgnimh Oifig an Phoist
- 4 24-30 Sráid Anraí

Bainistítear na hionaid réadmhaoine seo faoi léasanna agus / nó ceadúnais arna ndeonú ag an Stát.

Is leis an Aire lascach na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe agus lascach Abhainn Fhia/Abhainn tSocair i gCo. Dhún na nGall. Is é lascach Intíre Éireann a bhainistíonn an dá lascach sin.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire sna líonraí cathrach freisin. Maoiníodh tógáil na líonraí sin i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla áirithe agus le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Aguisín B Cuntais comhlachtaí agus cistí faoi choimirce na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugann sé le fios cén tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ ciste roinne	Bliain	Dáta na tuairisce ar an iniúchadh	Dáta a bhfuair an tAire/ an Roinn í	Dáta ar cuireadh i láthair an Oireachtais í
An Post	2017	5 Aib 2018	6 Aib 2018	21 Bea 2018
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ¹	2017	29 Már 2018	13 Aib 2018	31 Bea 2018
An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ²	2017	19 Noll 2018	14 Már 2019	—
Údarás Craolacháin na hÉireann	2017	29 Mei 2018	12 M.F. 2018	21 Samh 2018
RTÉ	2017	26 Aib 2018	1 Bea 2018	26 Mei 2018
TG4	2017	11 Bea 2018	6 Mei 2018	2 Lún 2018
Bord na Móna	2018	27 Mei 2018	27 Mei 2018	23 Iúil 2018
An Coimisiún um Rialáil Fóntais	2017	16 Iúil 2018	10 M.F. 2018	7 Fea 2019
EirGrid ³	2017	22 Noll 2017	11 Fea 2018	21 Bea 2018
Bord Soláthair an Leictreachais	2018	1 Már 2019	2 Már 2019	20 Már 2019
Corparáid Náisiúnta Pheitрилam na hÉireann	2017	27 Fea 2018	8 Már 2018	23 Bea 2018
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta	2017	29 Mei 2018	29 Mei 2018	26 Iúil 2018
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann	2017	29 Mei 2018	30 Mei 2018	10 Lún 2018
Iascach Intíre Éireann ²	2017	18 Noll 2018	2 Ean 2019	—
Gníomhaireacht na Lochanna	2017	16 Lún 2018	23 Samh 2018	19 Már 2019
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	2017	21 Noll 2018	24 Ean 2019	12 Már 2019
An Ciste Comhshaoil	2017	3 Noll 2018	3 Noll 2018	18 Noll 2018

Nóta ¹ Tréimhse an chuntais an 1 Iúil 2016 go dtí an 30 Meitheamh 2017

² Níor cuireadh an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais bhliantúla le haghaidh 2017 faoi bhráid an Oireachtais go fóill.

³ Tréimhse an chuntais an 1 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 30 Meán Fómhair 2017